

Cúrsaí Cleamhnais: An Ghailleseach agus an Dreolán

‘Tá sé in am agat pósadh,’ arsa an tIarla.

‘Conas ’áiríonn tú é sin?’ d’fhiafraigh Gearóid.

‘Tá fear marbh agat,’ d’fhreagair an t-athair, ‘Níl aon bhunaíocht agat ar do bheo a thuilleadh. Ní mór duit an bhearna a líonadh.’



Bhí sí i mbís na staighre roimis, céile ’athar agus máthair a dhearthár, agus ní raibh éalú uaithi. Í chomh caol leis an eas fé ionar ghlasuaine, a cromán géar ar aon leibhéal len éadan.

‘Táthar i mbun do chleamhnais, a Ghearóidín,’ adúirt sí fé scige agus barróg na bhFranc ar a cuid Gaeilge. ‘An rabhais riamh fós le bean? An mbeadh cleachtadh uait sa tsúsa? Sé deirtear fút ná haorann tú méirdreach ná geocach.’

Las an garsún ó bhonn go baitheas; le méid an

tochta ina scórnach is láidir má fhéad sé focal a chur as. Gnúsacht a chuala sé uaidh fhéin, ach d'éirigh leis an chaint a chur i gcéill, 'Fág mo bhealach, a ghaillseach....' agus theip air a thuilleadh.

Gháir sí mar a bheadh craobh chloigíní, '*Qu'il est sage, le jeune homme!*' agus chuir sí di arís an staighre suas, ag sciotaraíl fós di.

Fágadh 'na staic é, ach de réir a chéile shuaimh-nigh sé agus do ghaibh a mheon réagánta nádúrtha leastuas den ngráin agus den ndéistin. Bhraith sé an rannaire sin 'na cheann, ó b'annamh na thost é, á mhúscailt, 'Mairg a chuirfeadh geall a mnaoi ... go bhfóire Dia orm,' do mhachtnaigh sé. 'Tá dála Phaedra mar mháthair agam, agus táim i dtinneas rannaireachta. Seans nach droch-chomhairle áfach é an méid adúirt sí liom,' agus phrioc an bheach é chun dulta ag cuartaíocht ar iníon an bhrughadh.

An Dreolán

Bítí uaireanta ag magadh fé mar gheall uirthi, toisc gur chaith sé i gcónaí léi mar a dhéanfadh le bean uasal. Maidir léithise, bhain modhúlacht léi a chosain ar dhánaíocht í, ach thuig sé riamh ná raibh aon doicheall inti roimh a chuideachta. Bhí, tar éis an tsaoil, aonarántacht ag roinnt leis an mbeirt acu.

Thug sé tigh an óil air féin; níor mhinic ann cheana dhó agus ní raibh riamh in' aonar ann. Tigh fada ceantuí a bhí ann agus radharc ar na frathacha in airde istigh ann. Bhí sciar fhairsing shlachtmhar fé ghnó an óil ann: luachair ghlas úr ar an urlár, binsí, boird, cúntar agus foireann áraistí mar d'oir ann, doras iata ar thaobh na gaoithe, staighre chun an lochta thuas ar chúl an halla agus, leaistiar de sheilpeanna an chúntair, cistin acrach chun cócaireachta le feiscint, teine agus poll deataigh ar fónamh inti. Sheas sé ag an gcúntar agus ghlaigh ar mheadar fíona. Bhí súile an chomhluadair sáite ann, ach níor chuireadar chuige ná uaidh.

Sheirbheáil fear an tábhairne é. ‘Bail agus sláinte go ndéana sé dhuit, a Mhic an Iarla,’ ar seisean.

‘Go mairirse,’ arsa Gearóid.

‘B’annamh let onóir turas orainn,’ arsa an tábhairneoir.

‘Ní fearr am ná anois,’ arsa Gearóid, agus fágadh cúrsaí mar sin.

Bhí sé ar an tarna meadar nuair a sheas sí go hoscailte len ais. I ngleo an tábhairne ní bheadh clos ar chomhrá.

‘Bhí gnó agat díom,’ adúirt sí.

‘Bhí,’ ar seisean. ‘An maighdean tú?’ d’fhiafraigh sé.

‘Agus trúpaí th’athar ar na bólaí?’ ar sise. ‘Ná dein fonóid fúm.’

‘Ach níl ionat ach gearrchaile!’ ar Gearóid.

‘Is bean anois mé,’ a d’fhreagair sí.

Bhraith sé tonn feirge agus éada ag cúrsáil tríd agus bhog sé chun imeachta.

‘A mhic an Iarla,’ ar sí, ‘inis dom fáth do bhuartha. Cuimhnigh nach bhfuil ionainn beirt ach díleachtaithe gan mháthair mar dúraís liom; ní mór dúinn fónamh dá chéile!’

‘Is cuimhin leat na focla san uaim?’

‘Gach focal dá ndúraís.’

‘Tá siad ag braith ar mé phósadh.’

‘Tá sé thar am,’ ar sí.

‘Ní bheidh aon aithne agam uirthi.’

‘Ní raibh agamsa air siúd.’

‘Níor luíos riamh le bean ó bhíos i gcomhleapachas le mo bhuime. “Ní heol dom cobhlach a ghléas,” fé mar deir an t-amhrán.’

‘Ró-eolach atáimse ar na cúrsaí sin, agus is fada samhlaithe ag na comharsain go bhfuil an cóngas san eadrainne beirt le tamall anois.’

‘Dar an leabhar!’ arsa Gearóid. ‘Mo-chion dár lucht abartaigh! Agus an bhfaighinn ceacht uaitse?’

‘Ó chaitheas an choinneal,’ ar sise, ‘loscfad duitse an t-ortalach. Cá ragham?’

Agus is mar sin a chuir Gearóid aithne ar dhiamhair na suirí, agus is ansan a chríochnaigh sé a chéad dhán grá do mhnaoi:

Tair isteach a dhreolán bheag
Agus cuartaigh duit féin do nead,
Do bhéarfainn duit cliar na gclog
Nach ndéanfainn faillighe ionat.

Fós, is mar sin a tharla, nuair a saolaíodh Seán mac an Iarla ón mnaoi uasail, Eilionóir de Buitléar, sa chaisleán, gur rugadh Séamas mac an Iarla timpeall

an ama chéanna d'iníon an bhrughadh i dtigh an óil.



Le linn na gcúrsaí seo go léir d'fhair an Chuntaois feadh an ama an leasmhac, tré shúile caola glasa neamh-maithe, agus níor labhair focal leis. Tháinig an Nollaig agus Oíche Chinn an Dá Lá Dhéag, Oíche na dTrí Rite, agus bhí féiríní á malartú sa teaghlach.

‘Cogar i leith,’ arsa Seán le Gearóid go soineanta, ‘Cad a fuairis ó Madame Mère?’

Tugadh freagra giorraisc air, ‘Ní háil liom uaithi ach séad go rinn.’

Lig Seán fead fén fhiacra. ‘Óhó,’ ar seisean. ‘Is ón gcearn san atá an ghaoth. N’fheadar an domhan cad a cham srón firín?’

‘Ní fearra dhuit a bheith á fhiafraí,’ agus bhí doicheall i nglór Ghearóid a chuir an garsún eile ’na thost.